Rewarding Learning

GCSE

Sonraíocht GCSE CCEA

Ealaíona Íomhá Gluaiste

Leasaithe le teagasc den chéad uair Meán Fómhair 2017 le faisnéis a chur ar fáil ar an scála grádaithe nua GCSE

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2019
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019
Cód Ábhair: 5350

Cód Ábhair 5350
QAN 603/1945/8

Foilseachán CCEA © 2017
Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó www.ccea.org.uk

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

Clár Ábhair

3	**Inneachar Ábhair**	**2**
3.1	Achoimre ar eochair-réimsí staidéir	2
3.2	Comhpháirt 1: Tuiscint Chriticiúil ar Tháirgeadh Cruthaitheach agus d'Íomhá Ghluaiste	3
3.3	Comhpháirt 2: Gnóthú Scileanna i Léiriú Íomhá Gluaiste	9
3.4	Comhpháirt 3: Táirge Íomhá Gluaiste a Phleanáil agus a Dhéanamh	13

3 Inneachar Ábhair

Roinn muid an cúrsa ina thrí chomhpháirt. Tugtar anseo thíos inneachar na gcomhpháirteanna sin agus na torthaí foghlama a bhaineann leo.

3.1 Achoimre ar eochair-réimsí staidéir

Tá dhá eochairfhoirm d'ealaíona íomhá gluaiste mar bhonn leis an tsonraíocht seo:

- **scannán beo-aicsin**, arb ionann é agus scannáin insinte fhicseanúla bheo-aicsin; agus
- **scannán beoite**, arb ionann é agus scannáin insinte bheoite rostraim, íomhá ar íomhá agus íomhánna ríomhghinte (*CGI*).

- Ba cheart tuiscint ar na réimsí seo a leanas de theanga na scannánaíochta a bheith mar bhonn le staidéar a dhéanamh ar an íomhá ghluaiste:
- ceamara;
- eagarthóireacht;
- fuaim;
- soilsiú; agus
- mise-en-scène.

Ba cheart do mhúinteoirí tabhairt faoi gach réimse de theanga na scannánaíochta a theagasc trí staidéar a dhéanamh ar sheánra. Ba cheart dóibh deis a sholáthar do dhaltaí fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a mbaineann scannánóirí na linne seo leas as stór saibhir stairiúil de choinbhinsiúin, de stíleanna agus de theicnící seánra.

Tá muid ag súil go mbeidh daltaí eolach ar shé sheánra le linn an staidéir agus cleachtaidh acu sa trí chomhpháirt uilig. Is ar na seánraí seo a leanas a dhíreofar ar dtús agus staidéar á dhéanamh ar theanga na scannánaíochta agus ar amharcstíl. Déanfaidh muid athbhreithniú ar na seánraí gach dhá bhliain.

Cuirfidh muid na seánraí ar fáil ar mhicreashuíomh an ábhair. Cuirfidh muid liosta ar fáil fosta de scannáin mholta do gach seánra.

Ba cheart do dhaltaí na míreanna saintréithe seo a leanas taobh istigh de na seánraí difriúla a aithint agus a shainaithint: Ba cheart do dhaltaí fosta hibrid seánra a aithint agus tuiscint a bheith acu ar nádúr sreabhach rangú na seánraí agus an gaol atá aige leis an lucht féachana.

Gné	Cur síos
Íocónagrafaíocht	Is féidir eochair-íomhánna íocónacha a úsáid le scannáin seánraí a shainaithint.
Suíomh	Tá roinnt seánraí bainteach le suíomh nó le tréimhse ama ar leith.
Insint	Bíonn struchtúir ar leith scéalaíochta agus ciútaí ar leith inste in úsáid i scannáin seánraí
Carachtair	Tá baint ag roinnt carachtar le seánraí ar leith agus is féidir leo stádas de charachtar cineálach a bhaint amach..
Stíl	Is féidir teicnící físiúla agus fuaime ar leith a úsáid le scannáin seánraí a shainaithint.
Téama	Is minic a bhíonn téamaí saintréithe ag scannáin seánraí.

3.2 Comhpháirt 1: Tuiscint Chriticiúil ar Tháirgeadh Cruthaitheach agus Teicniúil d'Íomhá Ghluaiste

Is scrúdú ar líne a bheas sa chomhpháirt seo.

Tá an scrúdú roinnte ina thrí roinn:

Roinn A: Teanga na Scannánaíochta, Seánra agus Léiriú, déanann siad measúnú ar eolas agus tuiscint na ndaltaí ar theanga na scannánaíochta (ar a n-áirítear insint), seánra agus léiriú. D'fhéadfadh roinnt ceisteanna úsáid a bhaint as gearrthóga gairide scannán/fuaime agus gabhálacha scáileáin scannáin mar spreagthaí. I gceist amháin bíonn gá le freagairt scríofa shínte ar shraitheog scannáin a bhaineann le seánra ar leith nach bhfacthas roimh ré **(35 marc – CM1 agus CM3)**.

Roinn B: Léiriú Cruthaitheach, Bainistiú agus Comhthéacsanna Tionscail, déanann siad measúnú ar chomhthéacsanna tionscail. Déanann sé measúnú fosta ar chumas na ndaltaí an t-eolas agus an tuiscint acu ar léiriú cruthaitheach agus cleachtais bhainistithe léiriúcháin a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar chreatlacha scéil nach bhfacthas roimh ré agus tascanna cruthaitheacha a bhaineann le léiriú scannán. **(30 marc – CM1, CM2 agus CM2)**.

Roinn C: Anailís Chomparáideach tá ceist amháin ann a bhfuil freagairt scríofa shínte de dhíth air. Déanann an cheist measúnú ar chumas na ndaltaí comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir úsáid dhifriúil na dteicnící i réimse ar leith de theanga na scannánaíochta in dhá shraitheog scannáin, nach bhfuil aon bhaint acu le chéile agus nach bhfacthas roimh ré **(15 mharc – CM1 agus CM3)**.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Seánra Scannáin	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • seánraí scannáin a aithint (ó liosta dualgais na gcroí-sheanraí) agus a gcoinbhinsiúin shonracha a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu; • plé a dhéanamh ar na gnéithe seánra seo a leanas agus a n aidhm: • íocónagrafaíocht; • suíomh; • insint; • stíl; • carachtair; agus • téamaí; • an gaol idir seánra agus an lucht féachana a thuiscint; agus • seánra 'hibrideach' a aithint.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Insint Scannáin	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • na struchtúir a leanas atá ag insintí coinbhinseanúla a shainaithint agus a mhíniú; – struchtúr trí ghníomh: – scéal/plota; agus – cineálacha de chur chuige atá líneach agus neamhlíneach. • eolas agus tuiscint a léiriú ar na teicnící insinte seo a leanas (chomh maith le heagarthóireacht leanúnachais): – insint sa chéad phearsa/tríú pearsa; agus – léiriú scríofa amhail ceannlínte nuachta agus fotheidil ar-scáileán; • eolas agus tuiscint a léiriú ar charachtracht agus míniú a thabhairt ar an fheidhm agus aidhm atá le carachtair éagsúla taobh istigh d'insint (mar shampla príomhcharachtar/céile comhraic);
Léiriú Scannánaíochta	• míniú a thabhairt ar an dóigh ar féidir le scannáin léirithe difriúla sochpholaitiúla a chruthú a bhaineann le: – aois; – inscne; – gnéaschlaonadh; – eitneacht; – cultúr; – aicme; agus – cumas; • míniú a thabhairt ar an dóigh ar féidir le léirithe i scannáin luachanna, pointí féachana agus dóigheanna le hamharc ar an domhan atá difriúil a chur i láthair; • ról na steiréitíopaí, diúltach agus dearfach araon, i léirithe de scannáin seánra dhifriúla a thuiscint;
Teanga na Scannánaíochta agus Teicnící	• eolas agus tuiscint a léiriú ar theanga na scannánaíochta, seánraí, ag léiriú feasacht ar fhreagairt an lucht féachana agus ar aidhm chruthaitheach; agus • eolas agus tuiscint a léiriú ar theicnící scannánaíochta agus an dóigh le hiad seo a chur i bhfeidhm, ag baint leas as a gcleachtas féin.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Teanga na Scannánaíochta agus Teicnící (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • anailís agus luacháil a dhéanamh ar úsáid theanga na scannánaíochta i réimse de spreagthaigh nach bhfacthas roimh ré, ar a n-áirítear sraitheoga gairide scannáin, stadáin scannáin agus gearrthóga fuaime; • úsáid theanga na scannánaíochta i sraitheoga difriúla nach bhfacthas roimh ré a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht. • téarmaíocht chuí na scannánaíochta a úsáid;
Ceamara	• cineálacha difriúla de fhrámú ceamara (méid an tseat agus uillinn an cheamara) agus gluaiseacht cheamara (peanáil, traiceáil, claonadh agus zúmáil) a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus míniú a thabhairt ar a n-aidhm; • eolas agus tuiscint a léiriú ar rialacha comhdhéanaimh seatanna: spás cloiginn, cúlra, tulra, meánraon agus riail na dtrianta; • aidhm na rátaí frámaí agus an chúis lena n-athrú a shainaithint agus a mhíniú;
Eagarthóireacht	• eolas agus tuiscint a léiriú ar theicnící eagarthóireachta leanúnachais: – trasghearradh; – seat/seat droim ar ais; – idirghearradh; – meaitseáil líne súl; – meaitseáil aicsin; agus – rialacha 180 agus 30 céim; • míniú a thabhairt ar an dóigh a n-úsáidtear teicnící leanúnachais le brí agus freagairt an lucht féachana a chruthú; agus • míniú a thabhairt ar an dóigh a n-úsáidtear teicnící leanúnachais le brí agus freagairt an lucht féachana a chruthú; agus – teicnící eagarthóireachta neamhlíneacha, cosúil le montáis; agus – ionramháil an ama cosúil le comhbhrú ama ag úsáid fráma reoite, mallghluaiseacht, imeacht ama, spléachtaí siar, spléachtaí ar aghaidh, leanúnachas luathaithe ar luas gasta, eagarthóireacht ar luas mall agus tobghearrthacha.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Soilsiú	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • eolas agus tuiscint a léiriú ar na teicnící soilsithe seo a leanas: – soilsiú mór; – soilsiú beag; – glótháin dhaite nó scagairí; – scáthchruth; – scáthanna; – soilsiú praiticiúil; agus – úsáid an tsoilsithe atá ar fáil; • míniú a thabhairt ar an dóigh a n-úsáidtear teicnící difriúla soilsithe le hatmaisféir agus éifeachtaí difriúla a chruthú;
Fuaim	• na cineálacha seo a leanas d'fhuaim a shainaithint agus an dóigh a n-úsáidtear iad a mhíniú: – fuaim insinte; – fuaim neamhinsinte; – maisíochtaí fuaime; – scóir cheoil; – dialóg; – guthú; – droichid fuaime; – fuaim Foley; agus – rian seachfhuaime; • eolas agus tuiscint a léiriú ar theicnící taifeadta fuaime agus ionramháil fuaime iarléirithe, ag baint leas as a gcleachtas féin; • plé a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear teicnící difriúla fuaime le hatmaisféir agus bríonna difriúla a chruthú agus feasacht ar aidhm agus ar thábhacht na leibhéal fuaime a thaispeáint; agus • formáidí comhaid fuaime MP3, WAV, AIFF agus M4A a shainaithint agus a n-oiriúnacht le húsáid sa léiriú a mhíniú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Dearadh Léiriúcháin/Mise-en-Scène	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • eolas agus tuiscint a léiriú ar na réimsí seo a leanas de dhearadh léiriúcháin/mise-en-scène: – fearas; – feisteas; – smideadh; – suíomh; agus – taibhiú; agus a bhfeidhm i sainaithint seánraí a mhíniú; • míniú a thabhairt ar aidhm chruthaitheach na roghanna difriúla dearaidh sa scannánaíocht agus ar an tionchar acu ar bhrí agus ar fhreagairt an lucht féachana a chruthú;
Beochan	• na stíleanna beochana seo a leanas a shainaithint agus a phlé: – rótascópáil; – beochan íomhá ar íomhá; – picteiliú; – beochan 3T *CGI* (Íomhánna Ríomhghinte); agus – beochan 2T; • gluaiseacht cheamara i mbeochan a shainaithint;
Scéalchlár a dhéanamh	• frámú, suíomh, uillinneacha, gluaiseacht chuí cheamara agus forchéimniú cuí seatanna a shainaithint, a phlé agus a chur i bhfeidhm maidir le scéalchlár a dhéanamh; • eolas agus tuiscint a léiriú agus a chur i bhfeidhm maidir le scéalchlár a dhéanamh go cuí agus roghanna cuí liosta seatanna; • eolas agus tuiscint ar choinbhinsiúin formáidithe scripteanna scanáin a léiriú agus a chur i bhfeidhm;
Bainistíocht Léiriúcháin	• an aidhm atá le hordbhileoga, le sceidil scannánaithe, le liostaí fearais stáitse, le pleananna urláir agus le liostaí seatanna a shainaithint agus a mhíniú; • an t-eolas atá acu ar theicnící bainistíochta léiriúcháin agus ar chúrsaí eagrúcháin a chur i bhfeidhm ar chreatlacha scéil tugtha; • eolas agus tuiscint a léiriú ar na cúrsaí dlíthiúla a bhaineann le scannán a léiriú maidir le cóipcheart ealaíne agus tríú páirtí agus cúrsaí toilithe (ar an-áirítear obair le páistí); agus

Inneachar	Torthaí Foghlama
	• eolas agus tuiscint a léiriú ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta maidir le hobair ar scannánú scannáin agus an dóigh le hiad seo a chur i bhfeidhm.
Cleachtais agus Comhthéacsann a Tionscail	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • eolas a léiriú ar an dóigh a léiríonn, a ndáileann agus a dtaispeánann tionscal na scannán príomhshrutha Hollywood scannáin faoi láthair; • an difríocht idir léiriú scannán stiúideo agus léiriú scannán neamhspleách a thuiscint; • na príomhchineálacha d'fhoras maoinithe scannán sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a shainaithint agus a bheith ábalta sampla amháin de gach ceann acu a chur ar fáil (mar shampla coimisiúin scannán réigiúnacha/náisiúnta agus craoltóirí réigiúnacha/náisiúnta); • na róil agus na freagrachtaí a bhaineann leis na gairmithe scannánaíochta seo a leanas a mhíniú: – stiúrthóir: – scríbhneoir scripte; – léiritheoir; – dearthóir léiriúcháin; – oibritheoir ceamara; – stiúrthóir grianghrafadóireachta/cineamatagrafaí; – dearthóir fuaime; agus – eagarthóir; agus • na dóigheanna éagsúla a n-amharcann lucht féachana ar scannáin a mhíniú agus a phlé: – pictiúrlann; – teilifís (sceidealaithe agus ar éileamh); – DVD; – Blu-ray; agus – sruthú ar líne.

3.3 Comhpháirt 2: Gnóthú Scileanna i Léiriú Íomhá Gluaiste

Tá sé mar aidhm ag an chomhpháirt seo daltaí a chumasú le **cúig chroí-scil** de léiriú scannán a fhorbairt:

- scéalchlár a dhéanamh;
- ceamara;
- eagarthóireacht;
- fuaim iarléirithe; agus
- beochan.

Ní mór do dhaltaí na croí-scileanna seo a chur i bhfeidhm sa **cheithre thasc** a shocraíonn muid. (Déanfaidh muid scileanna ceamara agus eagarthóireachta a mheasúnú le chéile i dtasc amháin.)

Ní mór do gach dalta **gach ceithre thasc** a chomhlánú don mheasúnú.

Foilseoidh muid Leabhrán Chomhpháirt 2 gach bliain ina mbeidh ábhar spreagtha a bhaineann le gach tasc. Eiseoidh muid an leabhrán bliantúil seo go luath i mí an Mheithimh, roimh an teagasc den chéad uair i mí Mheán Fómhair. Ba chóir an leabhrán a eisiúint do dhaltaí ag tús an chúrsa dhá bhliain i mBliain 11 agus beidh sé bailí faoi choinne measúnaithe ag deireadh Bhliain 12. Ba chóir do dhaltaí tabhairt faoi na ceithre thasc le linn na chéad bhliana den chúrsa. Na scileanna a fhorbraíonn siad sa chomhpháirt seo, ullmhóidh siad iad do Chomhpháirt 3.

Tá na tascanna seo deartha againn le cuidiú le daltaí:

- an tuiscint atá acu ar na próisis theicniúla a bhaineann le léiriúchán a fhorbairt; agus
- triail a bhaint as na cúig réimse de chroí-scil léiriúcháin.

Tasc 1: Scéalchlár a dhéanamh
Díríonn an tasc seo ar an scil a bhaineann le scéalchlár a léirshamhlú agus a tháirgeadh.
(10 marc – CM1 agus CM2a)

Gach bliain cuirfidh muid script spreagthach ar fáil atá bunaithe ar cheann amháin de na croí-sheánraí ón liosta dualgais. **Athróidh an seánra gach bliain.**

Ní mór d'iarrthóirí **scéalchlár a chruthú do shraitheog ghairid scannáin (idir 10 agus 20 seat ar fad)**, bunaithe ar an chreatlach scéil de script scannáin atá curtha ar fáil. Ní mór don scéalchlár íocónagrafaíocht seánra atá inaitheanta go soiléir a chuimsiú agus is féidir gnéithe lámhlínithe agus/nó gnéithe fótagrafacha a bheith sna áireamh.

Ní mór d'iarrthóirí an scéalchláir deiridh a chur isteach mar chomhad PDF.

Tasc 2: Ceamara agus Eagarthóireacht
Díríonn an tasc seo ar scileanna léiriúcháin i gceamara agus in eagarthóireacht.
(20 marc – CM1 agus CM2a)

Cuirfidh muid script scannáin spreagthach ar fáil gach bliain nach bhfuil dialóg de dhíth air. Ní mór d'iarrthóirí **sraitheog ghairid scannáin (uasfhad de 40 soicind ar fad)** atá bunaithe ar an script scannáin atá curtha ar fáil a dhéanamh agus eagarthóireacht a dhéanamh air.

Ní mór d'iarrthóirí an tsraitheog dheiridh a chur isteach mar chomhad .mov.

Ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as soilsiú praiticiúil agus soilsiú atá ar fáil lena chinntiú go bhfuil an píosa scannáin soiléir agus infheicthe. Ní mór d'inneachar an phíosa scannáin a bheith infheicthe le bheith ábalta measúnú ar theicnící ceamara agus eagarthóireachta a dhéanamh.

Is féidir gur mian le hiarrthóirí tógáil ar na scileanna a forbraíodh sa tasc roimhe seo trí scéalchlár a chruthú mar ullmhúchán don scannánú agus don eagarthóireacht ach **níor chóir** dóibh é seo a chur isteach faoi choinne measúnaithe.

Tasc 3: Fuaim Iarléirithe
Díríonn an tasc seo ar scileanna i bhfuaim iarléirithe a shealbhú.
(15 mharc – CM1 agus CM2a)

Cuirfidh muid sraitheog ghairid dhigiteach scannáin ar fáil gach bliain leis an fhuaim bainte de. Déanfaidh iarrthóirí **fuaimrian ilsrathach (uasmhéid de 20 soicind ar fad)** a dhearadh agus a chruthú don tsraitheog. Ba chóir go mbeadh scór ceoil agus maisíochtaí fuaime Foley tugtha le chéile san fhuaimrian. Ní mór d'iarrthóirí an tsraitheog dheiridh a chur isteach le fuaimrian, mar chomhad .mov. Ba cheart dóibh fosta gabháil scáileáin den chomhéadan eagarthóireachta fuaime a chur isteach.

Tasc 4: Beochan
Díríonn an tasc seo ar scileanna beochana a shealbhú.
(15 mharc – CM1 agus CM2a)

Cuirfidh muid an fuaimrian ar fáil do shraitheog ghairid bheoite a mbeidh ceithre ghníomh eispriseacha de dhíth air (ar a n-áirítear siúl). Cuirfidh muid é seo ar fáil d'ionaid i bhformáid dhigiteach.

Ní mór d'iarrthóirí **sraitheog ghairid bheoite íomhá ar íomhá (uasmhéid de 20 soicind ar fad)** a chruthú ag úsáid carachtair le hailt leis na gníomhartha/freagairtí eispriseacha atá de dhíth a léiriú.

Ní mór d'iarrthóirí an tsraitheog bheoite dheiridh a chur isteach mar chomhad .mov.

Inneachar	**Torthaí Foghlama**
Scéalchlár a dhéanamh	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • script scannáin spreagthach seánra-bhunaithe a thiontú ina scéalchlár comhlánaithe, le ceamara agus eagarthóireacht agus eolas ar fhormáidiú scéalchláir curtha san áireamh. • eolas agus tuiscint a léiriú ar na gnéithe seánra seo a leanas sa scéalchlár acu: suíomh, carachtar agus íocónagrafaíocht; • prionsabail chomhdhéanaimh a chur i bhfeidhm ar an scéalchlár acu cosúil le riail na dtrianta; agus • tuiscint a léiriú ar úsáid chodarsnach an tulra agus an chúlra

Inneachar	Torthaí Foghlama
Scéalchlár a dhéanamh (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • comhdhéanamh, méid agus uillinn seatanna agus gluaiseacht agus suíomh ceamara a úsáid agus a shainaithint, de réir mar is cuí don aidhm chruthaitheach; • teicnící fótagrafacha agus lámhlínithe a úsáid agus a thabhairt le chéile leis an scéalchlár a tháirgeadh agus a chur i láthair; • an scéalchlár críochnaithe a scanadh agus a shábháil agus na leathanaigh a thabhairt le chéile le PDF aonair a chruthú;
Ceamara agus Eagarthóireacht	• pleanáil a dhéanamh go cuí don obair cheamara agus don eagarthóireacht roimh scannánú trí liosta seatanna/scéalchlár a chruthú (níl sé seo de dhíth don mheasúnú sa tasc ceamara/eagarthóireachta); • trealamh cuí ceamara a úsáid le píosaí scannáin a thaifeadadh; • scil chuí a léiriú i bhfrámú ceamara agus i ngluaiseacht agus suíomh ceamara, ag úsáid tríchosaigh nuair is cuí; • teicnící ceamara a roghnú agus a thabhairt le chéile go cuí le haidhm chruthaitheach shoiléir; • soilsiú praiticiúil agus soilsiú atá ar fáil a úsáid le hinfheictheacht a chumasú; • bogearraí eagarthóireachta cuí a úsáid le seatanna a iompórtáil, a ghearradh agus a sheicheamhú, a léiríonn eolas agus tuiscint • ar theicnící eagarthóireachta leanúnachais; • an tsraitheog dheiridh a easpórtáil mar chomhad .mov;
Fuaim Iarléirithe	• fuaimeanna a fhoinsiú agus a roghnú le hatmaisféar a chruthú go héifeachtúil; • fuaim Foley a chruthú agus a thaifeadadh, a léiríonn eolas agus tuiscint ar theicnící taifeadta fuaime; • maisíochtaí fuaime agus ceol saor ó chóipcheart a fhoinsiú agus a úsáid; agus

Inneachar	Torthaí Foghlama
Fuaim Iarléirithe (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • bogearraí cuí a úsáid le fuaimrian ilsrathach a chruthú, a léiríonn eolas agus tuiscint ar leibhéil fuaime agus ar theicnící ionramhála fuaime cuí. • gabháil scáileáin den chomhéadan eagarthóireachta fuaime a ghabháil le cur isteach mar chomhad JPEG; • an tsraitheog dheiridh a easpórtáil le fuaimrian mar chomhad .mov;
Beochan	• anailís a dhéanamh ar an fhuaim thugtha le staidiúir, gníomhartha agus uainithe tábhachtacha a shainaithint agus a phleanáil; • carachtar le hailt a úsáid, a chruthú nó a mhionathrú faoi choinne beochana; • píosaí tagartha scannáin de na gníomhartha eispriseacha atá de dhíth a fhoinsiú nó a ghabháil agus staidéar a dhéanamh orthu seo lena fhiosrú an dóigh leis na cineálacha agus na teaglamaí difriúla de ghluaiseacht a chruthú; • beochan íomhá ar íomhá a úsáid le gluaiseacht mhín réidh a chruthú; • scileanna cuí ceamara a léiriú nuair atá taifeadadh á dhéanamh lena chinntiú go bhfuil píosaí scannáin socair síos tríd; • frámú, gluaiseacht agus suíomh ceamara a úsáid sa bheochan de réir mar is cuí; • bogearraí cuí a úsáid leis an tsraitheog bheoite a iompórtáil agus a chur in eagar; agus • an tsraitheog dheiridh a easpórtáil mar chomhad .mov;

3.4 Comhpháirt 3: Táirge Íomhá Gluaiste a Phleanáil agus a Dhéanamh

Tá sé mar aidhm ag an chomhpháirt seo cur le scileanna daltaí le léiriú iomlán scannáin a chruthú.

Tabharfaidh an measúnú an deis do dhaltaí a n-anailís taighde agus portfóilió léiriúcháin féin a chruthú, ar a n-áirítear gearrscannán seánra iomlán amháin leis na hábhair chruthaitheacha agus eagrúcháin réamhléirithe agus léirithe a bhaineann leis.

Cuirfidh muid réimse de chreatlacha scéil a bhaineann le seánra ar leith agus moltaí taighde ar fáil i Leabhrán Taisc Chomhpháirt 3. Beidh an leabhrán seo ar fáil le híoslódáil ó mhicreasuíomh an ábhair. Déanfaidh muid é a athbhreithniú gach **dhá** bhliain mar aon leis na seánraí dualgais.

Cuirfidh an leabhrán ceithre chreatlach scéil fhéideartha ar fáil do gach ceann de na sé sheánra dualgais. Ní mór do dhaltaí creatlach scéil amháin a roghnú ón réimse atá curtha ar fáil agus é seo a úsáid mar thúsphointe lena **ngearrscannán insinte** iomlán féin a chruthú.

Tá **ceithre** chéim ag Comhpháirt 3:

- Céim 1: Anailís Taighde;
- Céim 2: Réamhléiriú Cruthaitheach, Pleanáil agus Eagrú;
- Céim 3: Léiriú Cruthaitheach agus Iarléiriú Cruthaitheach; agus
- Céim 4: Luacháil.

Ní mór do dhaltaí oibriú trí gach céim lena bportfóilió a chomhlánú.

Is féidir leo roghnú a bheith ag obair i gceachtar acu beo-aicsean nó beochan.

Cuireann daltaí leis na scileanna a shealbhaigh siad i gComhpháirt 2 trí:

- insint agus script a fhorbairt roimh scéalchlár a tháirgeadh;
- obair daoine eile a úsáid le dul i bhfeidhm ar a n-obair cheamara agus eagarthóireachta féin, ar gá dó teicnící agus aidhmeanna a bhaineann le seánraí ar leith a léiriú.
- réimse níos leithne d'fhuaim léirithe a thaifeadadh agus a chur in eagar, ar n-áirítear fuaimeanna suímh agus dialóg nuair is cuí.

Forbraíonn daltaí fosta scileanna nua agus cuireann siad iad i bhfeidhm i:

- soilsiú:
- dearadh léiriúcháin/mise-en-scène; agus
- bainistíocht léiriúcháin.

Ba chóir do dhaltaí fosta úsáid a bhaint as **anailís taighde** mhaisithe le bonn eolais a chur faoina bportfóilió cruthaitheach. Ní mór do seo iniúchadh a dhéanamh ar theicnící cuí scannáin a bhaineann le seánraí ar leith atá le feiceáil in obair daoine eile agus beidh sé ina mheasúnú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa. Ní mór don anailís seo bonn eolais a chur go díreach faoi na roghanna cruthaitheacha a dhéanann daltaí ina gcuid oibre féin. Cuireann muid moltaí taighde ar fáil sa spreagthach.

Ní mór do dhaltaí portfóilió a chur isteach ina bhfuil na rudaí seo a leanas:

- Anailís Taighde (ar a n-áirítear achoimre) de **600–800 focal** agus **Luacháil** de **300–400 focal**
  (20 marc – CM3 – ar a n-áirítear Caighdeán na Cumarsáide Scríofa)

- **Script Scannáin** agus **Scéalchlár**
  (10 Marc – CM2a)

- **Liosta Seatanna**, **Sceideal Scannánaithe** agus **Leabhar Nótaí an Stiúrthóra** de **5–10 leathanach**
  (10 marc – CM2b)

- **Scannán** insinte **2 nóiméad** (nó **40–60 soicind** más beochan í)
  (30 Marc– CM2a)

Ní mór fianaise mhaisithe ar thaighde léiriúcháin, forbairt ar dhearadh agus fadhb-bhainistiú/fadhbréiteach a bheith curtha ar fáil i Leabhar Nótaí an Stiúrthóra.

Ní mór eolas agus tuiscint a léiriú fosta sa phortfóilió ar choinbhinsiúin agus ar theicnící i seánraí ar leith san obair scríofa agus léirithe araon, agus teanga chuí na scannánaíochta in úsáid síos tríd **(10 marc – CM1)**.

Inneachar	**Torthaí Foghlama**
Anailís Taighde agus Réamhléiriú Cruthaitheach	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • seánra agus creatlach scéil a bhaineann leis ó leabhrán Chomhpháirt 3 a roghnú agus smaointe cruthaitheacha a ghiniúint mar fhreagairt ar an spreagthach roghnaithe; • tús a chur le hinsint scannáin a fhorbairt mar fhreagairt ar an chreatlach scéil; • achoimre a scríobh; • taighde a dhéanamh ar theicnící scannánaíochta seánraí ar leith in obair daoine eile; • gnéithe aitheantais a bhaineann leis an seánra roghnaithe a fhiosrú agus a phlé; • anailís a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear teicnící difriúla scannánaíochta le freagairtí an lucht féachana a chruthú; agus • an insint a bheachtú ina script scannáin, a léiríonn eolas agus tuiscint ar struchtúr na hinsinte coinbhinseanúla agus ar fhormáidiú scripte.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Anailís Taighde agus Réamhléiriú Cruthaitheach (ar lean.)	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • a gcuspóirí cruthaitheacha a shainmhíniú agus teicnící scannánaíochta a shainaithint agus a anailísiú, léirithe tríd an úsáid chuí de: – gearrthóga scannáin atá comhbhrúite mar is cuí (5–30 soicind ar fad); agus/nó – íomhánna/gabhálacha scáileáin atá comhbhrúite mar is cuí; • liosta seatanna agus scéalchláir léiritheacha mheaitseála a chruthú a chuireann eolas in iúl ar íocónagrafaíocht a bhaineann le seánraí ar leith agus ar na coinbhinsiúin chuí cheamara agus eagarthóireachta (ar a n-áirítear na rialacha eagarthóireachta leanúnachais 30 agus 180 céim); • roghanna ceamara agus eagarthóireachta a dhéanamh le brí shoiléir bheartaithe a chruthú;
Pleanáil agus Eagrú	• fianaise a chur ar fáil ar an mhachnamh atá déanta acu ar a oiriúnaí agus a phraiticiúla atá suíomhanna maidir le scannánú agus taifeadadh fuaime, mar shampla úsáid a bhaint as grianghraif/sceitsí de sheiteanna beochana á bpleanáil agus á gcruthú; • fianaise a léiriú i bhfoirm ghrianghraf/léaráidí ar smaointe cuí maidir le feisteas, smideadh agus dearadh carachtar; • fearas a bhaineann le seánraí ar leith atá cuí don aidhm a fhoinsiú agus a úsáid; • sceidil a tháirgeadh don tréimhse scannánaithe a fhreagraíonn don liosta seatanna, agus bileoga sceidil a chruthú do na haisteoirí agus don chriú ar na laethanta scannánaithe; • scannánú a bhainistiú de réir treoirlínte sláinte agus sábháilteachta;
Léiriú agus Iarléiriú Cruthaitheach/Teicniúil	• táirge scannáin insinte iomlán a bhaineann le seánra ar leith a chruthú ag úsáid struchtúr insinte coinbhinseanúil (tá insintí líneacha agus neamhlíneacha araon inghlactha); • ceamara (agus tríchosach nuair is cuí) a úsáid leis an réimse iomlán de sheatanna atá beartaithe a ghabháil, agus machnamh á dhéanamh ar shuíomh, frámú agus gluaiseacht cheamara.

Léiriú agus Iarléiriú Cruthaitheach/Teicniúil (ar lean.)	• píosaí scannáin scannánaithe a iompórtáil go dtí bogearraí cuí eagarthóireachta; agus • an cumas a léiriú le brí bheartaithe a chruthú trína roghanna ceamara agus eagarthóireachta; – na scileanna seo a leanas a chur i bhfeidhm nuair is cuí le fuaim chuí a chruthú; – fuaim fhóirsteanach shuímh a thaifeadadh; – dialóg inchloiste a thaifeadadh; – leibhéil chuí fuaime a úsáid; – fuaimrian ilsraitheach a úsáid ar mhaithe le héifeacht atmaisféarach/chorraitheach; agus – fuaimeanna Foley a úsáid; – ceol fóirsteanach a roghnú mar cheol cúlra d'aidhm dhrámatúil; – soilsiú praiticiúil breise a úsáid a chuirfidh feabhas ar léiriú an scannáin trí: – machnamh a dhéanamh ar an áit le haisteoirí agus/nó carachtair bheoite a chur maidir leis an phríomhfhoinse solais; agus – soilsiú praiticiúil a úsáid nó a chur isteach le soilsiú sásúil a chur ar fáil do gach radharc; – dearadh léiriúcháin/mise-en-scène cuí a chruthú don scannán, trí mhachnamh a dhéanamh ar: – cineálacha éagsúla de smideadh, feistis, fearas stáitse agus/nó suíomhanna atá cuí don tsaol scannáin bheartaithe; agus – roghnú aisteoirí agus léiriú carachtair agus/nó dearadh carachtair, léiriú mothúcháin agus gluaiseacht a léiríonn an saol mar atá (i gcás beochana); – roghanna eagarthóireachta agus iarléirithe éifeachtacha a dhéanamh, ag cur teicnící cuí a bhaineann le seánraí ar leith agus teicnící cuí scannánúla i bhfeidhm, a bhféadfadh na rudaí seo a leanas a bheith ina measc: – eagarthóireacht leanúnachais agus/nó montáis; – éagsúlacht i luas eagarthóireachta; agus – teicnící breise iarléirithe de réir mar is cuí, mar shampla scagairí nó athrú luais; – sraitheog theidil a chur leis atá cuí ó thaobh luais, stíle agus faid de le hainm a chur ar a scannán; agus • socruithe cuí easpórtála agus formáidí cuí comhaid a úsáid lena scannán críochnaithe a ullmhú agus a easpórtáil, ar a n-áirítear: – leagan iomlán ardchaighdeáin lena choinneáil ag an lárionad; agus – leagan comhbhrúite lena chur isteach chugainn;

Inneachar	Torthaí Foghlama
Luacháil	Ba cheart do dhaltaí a bheith ábalta: • léiriú trialach den scannán a thaispeáint agus anailís a dhéanamh ar an dóigh ar fhreagair an lucht féachana ar cheann ar bith de na teicnící scannánaíochta a úsáideadh/a cruthaíodh sa scannán deiridh; • plé agus luacháil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur i gcrích na dteicnící a bhí luaite agus fiosraithe san anailís taighde agus sna céimeanna réamhléirithe cruthaitheacha dá bportfóilió; • cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar obair bhreise ar bith a rinneadh agus réitigh a fuarthas agus/nó athruithe a rinneadh le linn léirithe agus iarléirithe a shainaithint; agus • rath an scannáin chríochnaithe a luacháil go criticiúil.

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning